

DÁN SHEÁIN DE BARRA

Stóicín beag Protustúnach abhí in Seán De Barra. Bhí cailín aimsire Caitiligeach 'sa teach bhíodh Seán an aonfacht leithi i gcomhnuidhe. An lá seo bhí sé ag bleathán na mbeithidhe an aonfeachr léithi agus Dé hAoine abhí ann. Bhí seiseann ag ól an bhainne agus dfiafruigh sé di-se cé'n fágach nach raibh ag ól an bhainne. Dubhairt sí go raibh sgaball uirthi agus go raibh sí ag trosgadh na hAoine. "bhféudhfainn-se" adeir sé an sgaball a chur orm agus an Aoine a throscadh" adeir sé. "Béidir adeir sí "go bhfeicfheadh do mhuinntir é agus go mbeidh siad ag troid leat." "Déarfaidh mé gur tinn atá mé" aseir sé.

Chuir sé air an sgaball air ansoin agus chuaidh sé a chodladh agus dubhairt sé go raibh sé-tinn agus nach níosfadh sé ach aon bhéili amháin an lá sin agus nuair a bheadh an béilí sin réidh é dhuisseacht. Nuair abhí an béilí reidh chuaidh siad 'gá dhuisseacht agus bhí sé básuighthe. Cuireadh as cionn cláir ansoin é, cuireadh tobac agus piopaí air agus bhí siad 'gá thóradh go raibh sé 'ngar dhá bheith ina lá. Nuair abhí sé ngar dhá bheith 'na lá dirigh sé aniar ar a gclár agus dubhairt sé mar seo:-

Éistigí dhaoine go ninnsigh mé sgéul díbh. Cé na trí nith le peacaibh a dheanamh failleamhnach, geallamhnach, bréugach, is ó Mhuire Bheannuigh nach damanta an sgéul é. Nuair abhí mo cholain sa sinte go suanmhar tobac in iochtar 'gus coinnle ar a huachtar gus m'anam bocht féin ar bhóithrín a cruathan dhul trí bhóithrí dubh dorchá aréir dhom bhí máthair a diabhair ar a taobh clé dhiom fuaraghad brailís le fuar neart a gcága

Cuir thart is bárr thart ar m'anam bocht féin agus ghá dhaoradh.

Ní sin é fhéin a chrádh go léig mé ach na trí maistín móra abhí ar gach taobh dhíom

Súil trí losa mar chaora caorthainn no mar choinil ar thaobh croc sléibhe

Ní shin é fhéin a chrádh mé ach na trí teinti mhóra bhí ann le dhul thrithab ba mhú iad ná chúig chéad déag cruach mhóna agus na sliabh Tulán cé go ma mhór iad ba ait dom féin go ndearnaidh mé an Aoine, siúd é an áit a mbeinn mo luathramhán deanta

'S ó Mhuire beannuighthe screadaim ó chroidh ort

Tháinig a mhaighdean agus thug sí léithe mé go doras na bhFlathas

Tháinig giúistís breagh na ngunaí geala bhí sé sgriobhta síos aige go tapaidh

An méid a rinne mé ó tháinig mé ar a talamh.

An méid a rinne mé ó bhí mé mo leanbh.

Dubhairt sé gur mo abhí dhe'n olc na dhe'n mhaith ann.

Gur mé an tanam abhí an Seán De Barra

Agus gur in Ifrainn shíos abhí mo leabaidh

Tháinig Miceál Árd Aingeal agus dárduigh sé leis síos go geataí Ifreann mé.

Agus cuireadh criathar poll'sa gcroidh a'm

Tháinig a Diabhal mór agus a chuid páipéir bhreaca

Páipéar ina láimh, páipéar ina bhéul agus páipear ar a talamh.

Agus bhí sé sgriobhta síos go tapa

An méid a rinne mé ó thainig mé ar a talamh

An méid a rinne mé ó bhi mé mo leanabh

Is mó dhe'n olc abhí na dhe'n mhaith ann

'S dubhairt sé gur mé an tanam abhí an Seán De Barra

'S gur in lofrann siorruidhe a bheadh mo leabaidh

Ba ait dhom fhéin go ndearnaidh mé an Aoine siúd é an áit a mbeinn mo luaithramhán deanta

'S ó Mhuire Bheannuighthe sgreadaim ó croidhe ort

Disligh an Mhaighdean anuas ar gluine agus nocht sí a glúine geala

Diarr sí ar a haon mhac mé chur i lúibín claidh no scailpe

Nú mo lón dubh ar bharr na gcranna

Nú mé chur 'mo uisge ar bharr easa

Nú mé chur 'sa gcolainn chéudhna raibh mé cheana

'Gaithris na bpeaca ar a talamh

Agus beannacht Dé dho bhéal dá aithris

Nuair abhí an méid sin ráidhte aige shín sé siar arist agus cailleadh é. Chuaidh sé go na Flaithis ansoin mar bhí na peacai aithrisí aige ar a talamh. Diompuigh an méid protastuín abhí ann.

29/11/31.